


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta UCD |
| **Scoil \| Aonad** | An tSaotharlann Tagartha Náisiúnta maidir le Víris UCD |
| **Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair** *(más ábhartha)* | Bainisteoir Cosanta Sonraí |
| **Tréimhse an Phoist** | 60 Mí  (Painéal Sealadach 12 mhí T/C ceangailte) |
| **Grád** | Oifigeach Riaracháin IA |
| **Cnuasach Post agus Leibhéal Gairme** | Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 5 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2024-06-023 |
| **Bainisteoir Líne** | Cillian De Gascún |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 018201 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Natalia McDonagh |

## Achoimre ar an bPost:

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris (NVRL) i Seirbhísí Sláinte na hÉireann mar phríomhsheirbhís dhiagnóiseach agus tagartha do chliniceoirí a dhéanann imscrúdú ar ionfhabhtuithe víreasacha. Cuireann an tsaotharlann thart ar 170 tástáil ar fáil chun 45 pataigin dhifriúla ar a laghad a dhiagnóisiú agus is éard atá i gceist leis an ualach oibre reatha ná breis agus 1 milliún tástáil a dhéanamh in aghaidh na bliana.

Tá an NVRL creidiúnaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) mar Shaotharlann Náisiúnta maidir le Póilióivíreas, Fliú, Bruitíneach agus Rubella, agus ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun tabhairt faoi thástáil i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2022.

Beidh an sealbhóir poist ar thús cadhnaíochta i dtaca le gach gníomhaíocht a bhaineann le cosaint sonraí do NVRL UCD chun comhlíontacht le Rialachán Ginearálta an AE a chinntiú maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus leis an Acht um Chosaint Sonraí.

Tá an Bainisteoir Cosanta Sonraí freagrach as a chinntiú go bhfuil gach gné de ghníomhaíochtaí sonraí NVRL i gcomhréir le GDPR reatha agus leis an Acht um Chosaint Sonraí. Beidh an Bainisteoir Cosanta Sonraí freagrach as a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht reatha agus reachtaíocht amach anseo á gcomhlíonadh ag gach ball d'fhoireann NVRL; tacaíocht agus treoir maidir le cosaint sonraí a sholáthar d'fhoireann NVRL i ndáil le gach gné den phróiseas tástála lena n-áirítear Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí, Measúnuithe Riosca, comhaontuithe comhroinnte sonraí etc

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Gach gníomhaíocht a bhaineann le cosaint sonraí do NVRL UCD a stiúradh chun comhlíontacht le GDPR AE, leis an Acht um Chosaint Sonraí, agus le haon reachtaíocht ábhartha eile a chinntiú.
- Oibriú go díreach le hOifigeach Cosanta Sonraí (DPO) UCD i ndáil le gach saincheist Cosanta Sonraí a bhaineann le NVRL UCD.
- Freagrach as próiseas na Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIAnna) ina iomlán trí chomhairle agus treoracha a sholáthar maidir le conas DPIAnna a ullmhú agus a chur i gcrích.

- Maoirseacht a dhéanamh i dteannta DPO UCD agus le Comhaontuithe Cosanta Sonraí (DAP) Corparáideacha agus Dlíthiúla UCD.
- Measúnaithe riosca ar chomhlíontacht maidir le rialacháin cosanta sonraí agus athbhreithnithe/iniúchtaí ar chomhlíontacht maidir le cosaint sonraí a dhéanamh agus a chomhordú go rialta le rannóga NVRL UCD ábhartha.
- Aon fhadhbanna comhlíontachta maidir le cosaint sonraí a aithint.
- Oibriú go dlúth le foireann NVRL UCD agus na bearta ceartaitheacha agus coisctheacha ábhartha arna n-aithint ó mheasúnuithe agus ó athbhreithnithe ar chomhlíontacht a chur chun feidhme.
- Beartais Cosanta Sonraí agus próisis, nósanna imeachta agus treoirlínte iniúchóireachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a leasú, i gcás inar gá, i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara chun comhlíontacht eagraíochtúil a chinntiú.
- A chinntiú go bhfuil oiliúint agus feasacht ar chosaint sonraí agus ar GDPR ar fáil agus curtha ar gach ball foirne a bhfuil baint acu le próiseáil sonraí pearsanta.
- Tacú le foireann NVRL agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le gach ceist agus eachtra a bhaineann le cosaint sonraí.
- Gníomhú mar an príomhphointe teagmhála d'Oifigeach Cosanta Sonraí UCD i ndáil le gach saincheist, gearán agus fiosrúchán a bhaineann le cosaint sonraí.
- Gach eachtra agus sárú cosanta sonraí a thuairisciú chuig DPO UCD agus treoracha a chur chun feidhme i ndiaidh sin.
- Gníomhú mar phointe teagmhála d'ábhair Sonraí NVRL UCD maidir le próiseáil sonraí pearsanta lena n-áirítear iarratais ar rochtain ar shonraí.
- A chinntiú go ndéanann DPO UCD agus rannóga FOI athbhreithniú ar gach rochtain NVR LUCD ar shonraí, ar gach iarratas ó ábhar sonraí ar rochtain (SARanna), agus ar gach iarratas FOI i gcás inarb ábhartha sula ndéanfar aon ghníomh.
- Idirchaidreamh a dhéanamh, de réir threoir an DPO UCD, le foireann NVRL UCD, le hábhair sonraí a mbaineann sé leo agus leis an DPC de réir mar is gá.
- Sainchomhairle a sholáthar maidir le heolas atá cothrom le dáta ar reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Coinneáil cothrom le dáta maidir le hathruithe ar dhlí GDPR agus moltaí a eisiúint chun comhlíontacht a chinntiú.
- Comhlíontacht le ceanglais choinneála GDPR a chinntiú.
- Cabhrú le timpeallacht a bhfuil cúrsaí cosanta agus príobháideachais sonraí lárnach inti a chothú laistigh de NVRL UCD
- Oibriú go dlúth le Bainistíocht NVRL UCD i ngach gné de chosaint sonraí lena n-áirítear athbhreithniú / athnuachaintí conartha agus SLA.
- Dualgais eile de réir mar a shannann Bainistíocht NVRL UCD iad.

**Sainiúil don phost seo:**

.

**95 Admin Off Ia_2013 (2010) (7080) Scála Tuarastail: €69,226 - €80,894 in aghaidh na bliana**
Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a shamhlaíonn iad féin aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ Cuirfear socruithe réasúnacha ar fáil d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas acu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tá Creat Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post Oibríochtaí agus Bainistíochta Acadúil agus Clár, agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 5. Tá tuilleadh sonraí ar na croíchumais feidhmiúla atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Poist ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 5-6 bliana de thaithí ghairmiúil ag obair i ról a bhaineann le bainistíocht agus oibríochtaí acadúla agus clár in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus céim tríú leibhéal.
- Taithí i ról ábhartha den chineál céanna é i dtimpeallacht cúraim sláinte.
- Taithí ar chomhairle a sholáthar ar chosaint sonraí nó ar fhaisnéis eile a bhaineann le cúrsaí comhlíontachta i ról den chineál céanna, agus ar dhéileáil le fiosrúcháin maidir le cosaint sonraí, go hidéalach i dtimpeallacht cúraim sláinte.
- Sárscileanna cumarsáide: Inniúil ar chumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal a dhéanamh atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, ar eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, ar éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas.
- Cumas láidir daoine a stiúradh agus tionchar á imirt ar dhaoine eile ar dhóigh dhearfach, foirne éifeachtacha a thabhairt le chéile agus a thógáil taobh istigh den Scoil/Aonad/Coláiste agus ar fud UCD araon agus a bheith ag obair go héifeachtach le lucht ardbhainistíochta agus le pobail acadúla agus ghnó na hOllscoile.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Anailís Ghnó:** Riachtanais úsáideora a iompú ina réitigh. Próisis a thaifeadadh, tuairiscí a scríobh, agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh a chruthú.

- **Bainistíocht Sonraí:** Eolas ar dhea-chleachtais bainistíochta sonraí agus cleachtais rialaithe sonraí.

- **Athléimneacht Oibríochtúil:** Seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú. Diongbháilteacht, féinsmacht agus tiomantas a léiriú in aghaidh timpeallachta atá ag athrú nó in aghaidh constaicí. Mar chuid de sin, ní mór a bheith in ann teacht aniar ó dhíomá nó achrann, gan ligean dóibh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht leanúnach.

- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle:** Tacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus don fhoireann trí chéile. Clúdaíonn sé leas agus folláine na mac léinn agus na foirne laistigh den institiúid chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibríochtúil, i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin an gá a bheith ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil; comhairle agus treoir thacúil a chur ar fáil; agus comhairle a thabhairt do dhaoine eile ar shaincheisteanna ar leith. Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus a aithint nuair a bhíonn gá le hidirghabhálacha breise. Éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha a mheas agus cleachtas a fhorbairt atá bunaithe ar mhachnamh agus athbhreithniú.

- **Grinneas Teicniúil:** Feidhmíonn agus feabhsaíonn eolas teicniúil, scileanna, agus breithiúnas chun toradh a chur i gcrích nó chun tascanna a chur i gcrích go héifeachtach. An cumas smaoineamh ar bhealaí le forbairtí nua a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. Aithníonn sé/sí treochtaí i dteoiric agus i gcleachtas a réimse theicniúil féin agus ullmhaíonn sé/sí go héifeachtach le haghaidh athruithe a bhfuiltear ag súil leo.

**Croíchumais**

- **Pleanáil agus Eagrúchán:** Cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschuir a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.

- **Feasacht Eagraíochta:** Cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.

- **Athrú a Bhainistiú:** Cumas cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic leis an obair agus le hathruithe a thagann chun cinn a ghlacadh agus fáilte a chur roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach.

- **Caidrimh a Chothú:** Cumas caidreamh oibre éifeachtach a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.

- **Bainistíocht Tionscadail:** Cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna inghnóthaithe, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an dul chun cinn ina aghaidh.

- **Daoine a Bhainistiú:** Cumas maith an obair cheart a ailíniú leis na daoine cearta, tascanna a tharmligean de réir buanna agus leasanna daoine agus a chinntiú go bhfuil na scileanna agus na hacmhainní réasúnta ag daoine chun rudaí a chur i gcrích.

- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú**: Cumas an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a thuiscint, riachtanais na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt, ionchais a bhainistiú agus caidrimh oibre láidre le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt agus a chothú.

**Critéir Éigeantacha mar chuid de Chlár Oibre UCD um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**

- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar ionchuimsiú a léiriú.

Inmhianaithe:

- N/B

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | Coláiste na nEolaíochtaí Sláinte agus Talmhaíochta UCD |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | An tSaotharlann Tagartha Náisiúnta maidir le Víris UCD |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |